M91TCS

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Gairmchlár na hArdteistiméireachta

## Nascmhodúil

**Cás-Staidéar**
**2005**

# Cás-Staidéar

## Forbairt Phobail

Tá Béal Trá 80 ciliméadar ón gcathair is cóngaraí dó agus 20 ciliméadar ó cheithre bailte móra eile. Tá abhainn bhreá ag sní tríd an mbaile agus tá coill mhór darach ar an imeall thiar. Tá bunscoil amháin, coláiste pobail agus ionad oiliúna pobail ar an mbaile. Tá seanóstán ann ina bhfuil sé sheomra déag agus is gá é a athchóiriú. Tá teach mór tuaithe ón 19ú haois, ar gá obair atógála a dhéanamh air, agus galfchúrsa naoi bpoll ag gabháil leis, 8 gciliméadar ón mbaile.

Tá comhlacht darb ainm Seac O'Láid Teo. i mBéal Trá le hocht mbliana. Gnó milseogra atá ann agus tá beirt deartháireacha ina bhun. Tá sé lonnaithe ar láthair tionsclaíochta díreach lasmuigh den bhaile. Tá seasca cúig duine fostaithe ag an gcomhlacht. Bhí láimhdeachas naoi milliún euro ag an gcomhlacht i 2002 ach laghdaigh sé seo go dtí seacht milliún euro i 2004 mar gheall ar an easpa éilimh ar tháirgí milseogra. Ina theannta sin, luigh breis iomaíochta agus arduithe ar chostais árachais agus phá ar an gcomhlacht. Chaill roinnt fostaithe a bpoist dá bharr seo agus tá an comhlacht ag plé ar chóir an gnó a laghdú tuilleadh tar éis iniúchadh a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais.

Tuigeadh do mhuintir na háite nárbh fhéidir dá bpáistí socrú síos sa bhaile amach anseo, mar gheall ar na poist atá caillte i Seac O'Láid Teo. agus mar gheall ar easpa deiseanna fostaíochta sa cheantar. Bhain sé seo geit astu agus chuadar i mbun gnímh. Tugadh cuireadh do mhuintir na háite agus lucht gnó freastal ar chruinniú. Rinneadh plé ag an gcruinniú seo ar smaointe agus ar mholtaí éagsúla. Pléadh roinnt smaointe fiontraíochta a d'fhéadfaí a fhorbairt sa cheantar. Baineann dúshláin shuntasacha le fiontair nua ghnó a bhunú ar an mbaile, go háirithe maidir le hacmhainní agus leis an saineolas atá riachtanach.

Roghnaíodh coiste forbartha pobail chun dul i mbun tionscnamh forbartha. Tá sé ar intinn ag an gcoiste iniúchadh acmhainní áitiúla a dhéanamh chun acmhainní agus láidreachtaí an phobail a fháil amach agus chun dul i mbun margála leis na húdaráis áitiúla maidir le Páirc Ghnó a bhunú. Tá cuid de bhaill an choiste an-tógtha leis an timpeallacht agus ba mhaith leo go gcuirfí gnólachtaí ar bun feasta ar an mbaile a bheadh ag freagairt go dlúth do chúrsaí sóisialta agus timpeallachta.